

Preas Ráiteas ó na Mic Léinn (Coláiste na Carraige)

Ba mhaith le coiste Choláiste na Carraige buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh go mór linn lenár bhfeachtas rathúil I mbliana. Go dtí seo is sinne an t-aon scoil Chonallach a bhuaigh an comórtas agus ar ndóigh ní linn féin a d'éirigh linn an éacht sin a bhaint amach.

I mbliana d'éagraigh muid sárcheolchoirm le scaifte mór ceoltóirí. Chuir muid cearta LGBT chun cinn I measc daltaí in ár scoil. Thaispeáin muid cé chomh bródúil is atá muid as an teanga agus spreag muid na daltaí chun úsáid a bhaint as an teanga chomh minic agus a thig leo.

D'fhógair muid chuile gné den fheachtas ag baint úsáide as postaeir agus na meáin shóisialta. Rinne muid iarracht dul I bhfeidhm ar mhéid éagsúla daoine agus tá súil againn difríocht a dhéanamh.

Bhí bliain rathúil againn I mbliana agus tá muid ag súil leis an mbliain seo chugainn.

Ba mhaith linn ar mbuíochas a ghabháil leis

- na daltaí
- na múinteoirí
- Serial Twin
- The Cavern
- Máistir Mac an Bhaird
- Seosamh Mac Ceallabhuí
- Coiste 'Beo'
- na moltóirí
- Conal Herron
- Rory Gallagher
- Evan Bourke
- Joe McHugh TD